Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6696/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0305 (NLE)**

**FRONT 48**
**COWEB 20**
**MIGR 57**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i ndáil leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin<br>Glacadh |

1. An 18 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht ar chomhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i ndáil le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.

2. Is é is cuspóir don Chomhaontú, ar bhonn Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[1], údarú a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta foirne bainistithe teorann a imscaradh ón mbuanchór sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.

[1] IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.

3. Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil nuair a chuir an Coimisiún agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin inisealacha leis an dréachtchomhaontú stádais. An 28 Samhain 2024, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe[2]. Ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir leis an síniú an 27 Eanáir 2025 agus síníodh an Comhaontú an 11 Meitheamh 2025 sa Bhruiséil, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

4. I gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

5. An 27 Eanáir 2025, chuir an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus téacs an Chomhaontaithe ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil.

6. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *aquis* Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen[3]. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

7. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

8. An 21 Eanáir 2026, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích[4] agus thug sí treoir dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Boisnia agus an Heirseagaivéin.

---

[2] 16475/24 + ADD 1 + ADD 2 agus 16476/24 + ADD 1.
[3] IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.
[4] P10_TA(2026)0011

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 16666/24 é, a ghlacadh mar mhír 'A', mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, agus

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(d) de Rialacha agus Nósanna Imeachta na Comhairle, an Cinneadh thuas a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, sraith 'L'.

Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.